Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2026
(OR. en)**

**8286/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0076(NLE)**

**RECH 173
COASI 70**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Seapáine, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcláir an Aontais |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe**
**idir an tAontas Eorpach, de pháirt,**
**agus Rialtas na Seapáine, den pháirt eile,**
**maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcláir an Aontais**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 186 agus 212, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do thoiliú Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE).../... ón gComhairle[2+], síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Seapáine, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcláir an Aontais ('an Comhaontú') an ...[++], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Bunaíodh Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht(2021-2027) le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. I gcomhréir le sainordú na Comhairle, rinneadh an Prótacal maidir le téarmaí agus coinníollacha chomhlachas Rialtas na Seapáine le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) a chaibidliú i gcomhthreo leis an gComhaontú agus, de bhun Airteagal 17(9) den Chomhaontú, is cuid dhílis den Chomhaontú é.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh (AE) .../... ón gComhairle an ... maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Seapáine, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcláir an Aontais (IO L ..., ELI: ...).

[+] IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 8279/26 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

[++] IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 8279/26.

[3] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013, (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Seapáine, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcláir an Aontais.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha[+].

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[+] Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.